
# Obair Bhaile Gaeilge



# Leabhar 12

Ainm____________________ Rang ___

Gaelscoil Uí Néill

Gaelscoil Uí Néill

## Obair Bhaile 1

| | | | |
|---|---|---|---|
| gluaisrothar | greim bhéil | gealach | gualainn |
| gallúnach | glúin | gúgamán | gearr |

Cuir na focail seo in ord aibítreach, amharc ar an dara nó an tríú litir más gá.

- gallúnach
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- gúgamán

a b c d e f g h i

j k l m n o p q r


s t u v w x y z

## Obair Bhaile 2

| | | | |
|---|---|---|---|
| gluaisrothar | greim bhéil | gealach | guaillí |
| gallúnach | ghlúin | gúgamán | gearr |

<u>Líon na bearnaí leis na focail agus na frásaí atá sa bhosca.</u>

1. Nigh mé mo lámha le _____________.
2. Tá _____________ lán ag soilsiú sa spéir dhorcha.
3. _____________ an páipéar leis na siosúir.
4. Bhí an _____________ ag dul go gasta ar an bhóthar.
5. Thit mé agus ghortaigh mé mo _____________.
6. Bhain mé _____________ _________ as an chíste.
7. D’iompair mo dhaidí mé ar na _____________ s’aige.
8. Tháinig an _____________ mar bhí mamaí agus daidí ag dul amach.



# Obair Bhaile 3

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| garbh | - | níos gairbhe | galánta | - | níos galánta |
| greannmhar | - | níos greannmhaire | gaofar | - | níos gaofaire |
| gasta | - | níos gasta | grianmhar | - | níos grianmhaire |

Comhlánaigh na habairtí seo.

1. Tá an leon **gasta** ach tá liopard níos _________________.


2. Tá an luchóg **greannmhar** ach tá an hamstar níos _________________.

3. Bíonn an t-earrach **grianmhar** ach bíonn an samhradh níos ______________.

4. Bíonn an fómhar **gaofar** ach bíonn an geimhreadh níos _________________.

5. Tá adhmad **garbh** ach tá cloch níos _________________.

6. Tá an nóinín **galánta** ach tá an rós níos _________________.



# Obair Bhaile 4

## Gúgamán Gortaithe

Oíche Aoine a bhí ann agus bhí mamaí agus daidí ag dul amach le greim bhia a bheith acu. Bhí Gearóidín, an gúgamán, ag teacht. Is maith linn Gearóidín, imríonn sí cluichí linn agus bíonn milseáin aici ina mála dúinn. Ach an rud is fearr faoi Ghearóidín ná go bhfuil gluaisrothar aici. Bíonn a fhios againn go bhfuil sí anseo nuair a chluinimid inneall an ghluaisrothair taobh amuigh den teach.

Bhí muid ag éisteach amach do Ghearóidín nuair a chuala muid í ag teacht. Is mór an callán a dhéanann gluaisrothar ach bhí callán ollmhór ann nuair a chuala muid an timpiste! Níor stop Gearóidín in am agus thiomáin sí isteach sna boscaí bruscair!

Rith muid mach agus bhí Gearóidín ina luí sa ghairdín. Bhí an oíche ann ach bhí sé geal go leor mar bhí gealach lán ann. Chuaigh mamaí le cuidiú le Gearóidín.

"An bhfuil tú gortaithe," arsa mamaí.

"Tá mé maith go leor," arsa Gearóidín, "ach tá mo ghuaillí giota beag nimhneach agus tá mo ghlúin ag cur fola. Rith cat os mo chomhair agus bhí timpiste agam."


Chuidigh mamaí le Gearóidín éirí agus thug sí í isteach sa teach. Chuaigh Gearóidín chuig an seomra folctha agus ghlan sí a glúin le gallúnach.

"Gearr an bindealán," arsa mamaí le daidí. Ghearr daidí an bindealán agus thug sé é do Ghearóidín. Chuir sí é thart ar a glúin.

Roimh i bhfad bhí Gearóidín go breá agus chuaigh mamaí agus daidí amach. Bhí oíche dheas againn le Gearóidín ach d'fhan sí ina suí ar an tolg. Níor imir muid cluichí ach bhí milseáin againn. Bhí siad galánta.

<u>Freagair na ceisteanna seo.</u>

1. Cén lá a bhí ann?
2. Cá raibh mamaí agus daidí ag dul?
3. Cad é an t-ainm atá ar an ghúgamán?
4. Cad chuige a raibh timpiste aici?
5. Cad é a bhí gortaithe?



## Obair Bhaile 5

| | | | |
|---|---|---|---|
| | inneall dóiteáin | ingne | inneall níocháin |
| imleacán | héileacaptar | i bhfolach | iompair |

Cuir na focail seo in ord aibítreach, amharc ar an dara nó an tríú litir más gá.

- héileacaptar
- ____________
- ____________
- ____________
- ____________
- ____________
- iompair

a b c d e f g h i

j k l m n o p q r


s t u v w x y z

# Obair Bhaile 6

| | | | |
|---|---|---|---|
| | inneall dóiteáin | ingne | inneall níocháin |
| imleacán | héileacaptar | i bhfolach | iompair |

<u>Líon na bearnaí leis na focail agus na frásaí atá sa bhosca.</u>

1. Tá an ______________ ag eitilt sa spéir.
2. Tá an coinín ______________ón fhear.
3. Tá dath dearg ar an ______________.
4. Tá mo gheansaí scoile san ______________.
5. Bíonn ______________ mór ag babaí ina a bholg.
6. ______________ an bosca go cúramach.
7. Bhí mé neirbhíseach agus d'ith mé m'______________.



## Obair Bhaile 7

Scríobh na habairtí seo amach agus scríobh an focal i gcló trom san uimhir iolra.

Sampla

- Chuir mé **an foclóir** ar an tábla.
- Chuir mé **na foclóirí** ar an tábla.

1. Chuir mé **an hata** ar an tábla.
2. Tá **an halla** lán de pháistí.
3. Tá **iascaire** ag iascaireacht sa loch.
4. Tá **imreoir** ag imirt peile.
5. Tá **innealtóir** ag obair ar an charr.
6. Fuair muid ubh agus **ispín** don tae.



## Obair Bhaile 8

| | | | |
|---|---|---|---|
| inneall dóiteáin | ingne | inneall níocháin | |
| imleacán | héileacaptar | i bhfolach | iompair |

Tá na focail sa bhosca i bhfolach sa chuardach focal thíos. An dtig leat iad a aimsiú.

| | | | | | | | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| s | d | e | r | i | d | s | j | k | ú | e | i | l | m | s | t | é | d | q | u |
| f | i | i | d | b | r | c | v | b | n | u | a | s | d | u | f | f | t | s | s |
| h | n | n | g | i | m | h | é | i | l | e | a | c | a | p | t | a | r | f | a |
| p | n | d | e | d | l | ú | j | n | u | y | w | d | h | ú | u | h | h | g | d |
| s | e | t | r | w | u | u | i | g | s | d | é | t | y | u | i | r | f | h | s |
| q | a | s | w | d | f | i | i | n | g | i | d | i | u | h | g | r | w | i | j |
| k | l | f | r | e | e | y | u | e | x | í | w | u | ú | w | y | t | o | m | ó |
| a | l | i | w | i | s | t | d | ó | s | d | w | s | ó | r | t | q | í | l | k |
| f | n | g | z | r | t | ó | q | i | i | f | n | a | í | ó | s | s | g | e | g |
| h | í | e | r | t | e | f | i | n | b | r | e | d | i | q | é | f | h | a | t |
| o | o | u | w | g | h | r | s | g | h | f | r | é | u | s | g | g | i | c | z |
| s | c | t | r | h | d | é | c | n | f | v | r | e | r | f | t | h | á | á | x |
| n | h | e | u | r | t | w | h | e | o | b | y | i | h | g | v | i | q | n | c |
| w | á | t | f | i | u | y | ú | ó | l | g | j | i | i | h | w | m | s | w | i |
| q | i | i | e | i | i | o | m | p | a | i | r | n | o | i | e | l | f | n | e |
| y | n | f | b | r | w | y | s | y | c | u | h | g | s | m | g | e | g | d | b |
| u | i | j | u | w | f | e | c | u | h | s | u | n | e | d | h | a | h | r | n |
| p | ó | d | é | r | h | e | h | z | q | a | t | i | f | g | t | c | i | y | t |
| r | s | w | t | t | f | r | r | a | w | d | y | r | b | b | j | u | m | j | e |
| i | n | n | e | a | l | l | d | ó | i | t | e | á | i | n | j | i | k | l | m |

Scríobh síos na focail a fuair tú.

# Obair Bhaile 9

| | | | |
|---|---|---|---|
| leabhragán | luascán | lomaire faiche | líreacán |
| leiceann | liopaí | long | liamhás |

Cuir na focail seo in ord aibítreach, amharc ar an dara nó an tríú litir más gá.

- leabhragán
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- luascán

a b c d e f g h i

j k l m n o p q r


s t u v w x y z

## Obair Bhaile 10

| | | | |
|---|---|---|---|
| leabhragán | luascán | lomaire faiche | leiceann |
| leiceann | liopaí | long | liamhás |

Líon na bearnaí leis na focail agus na frásaí atá sa bhosca.

1. Chuir mé ord ar na leabhair sa ______________.
2. Thug an gasúr póg dá mhamaí ar an ______________.
3. Is maith liom ______________ do mo dhinnéar.
4. Chuir mo dheirfiúr mhór smideadh ar a ______________.
5. Is maith liom ______________ reoite ar lá te.
6. Bhain daidí an féar leis an ______________.
7. Bhrúigh mamaí an cailín ar an ______________.
8. Chuaigh muid thar sáile ar an ______________.




## Obair Bhaile 11

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| láidir | - | níos láidre | luachmhar | - | níos luachmhaire |
| lag | - | níos laige | leathan | - | níos leithne |
| lán | - | níos láine | beag | - | níos lú |


Comhlánaigh na habairtí seo leis an chéim chomparáide ceart.

1. Tá an béar **láidir** ach tá an eilifint níos ________________.
2. Tá an gasúr **lag** ach tá an babaí níos ________________.
3. Tá an cupán measartha **lán** ach tá an babhla níos ________________.
4. Tá airgead **luachmhar** ach tá ór níos ________________.
5. Tá an carr **leathan** ach tá an leoraí níos ________________.
6. Tá an luchóg **beag** ach tá an seangán níos ________________.



# Obair Bhaile 12

## An Gairdín sa Samhradh



Is breá liom an samhradh.  Ní bhíonn scoil ann agus is minic a bhíonn an aimsir deas te.  Bhí lá galánta ann inné agus shocraigh daidí go mbeadh lá deas againn sa ghairdín. Bhí mamaí ag obair agus ní thiocfadh linn mórán a dhéanamh mar bhí an carr aici.

Is áit bhreá é an gairdín s'againne.  Tá linn bheag ann agus tá neart spáis ann le bheith ag imirt leadóige nó leis na líonta a chur suas le peil a imirt.  Tá luascán againn fosta, bonn chairr ar crochadh ón chrann.  Bhí an lá inné róthe le mórán a dhéanamh.  Phioc mé leabhar ón leabhragán agus luigh mé siar faoin chrann le léamh.  Ní thiocfadh liom léamh, áfach, mar bhí daidí ag déanamh barraíocht calláin leis an lomaire faiche.

Chuaigh mé chuig an chuisneoir agus rinne mé ceapairí liamháis do gach duine.  Ina dhiaidh sin, bhí líreacáin reoite againn uilig mar bhí teas bocht ann. Nuair a bhí mo sháith ite agam, rinne mé súgradh le mo long bhréagach ar an linn.

Bhí lá falsa, leisciúil againn uilig agus, nuair a tháinig mamaí abhaile, thug mó póg di ar an leiceann le mo liopaí.

"An rachaidh muid amach d'uachtar reoite?" ar sise.

Bhí lúcháir orainn uilig an lá sin.

Freagair na ceisteanna seo.

1. Cén sórt aimsire a bhí ann sa scéal?
2. Cá raibh mamaí?
3. Cad é a bhí ag an údar le hithe?
4. Cad chuige nach raibh an t-údar ábalta léamh?
5. Cad é a rinne an teaghlach nuair a tháinig mamaí abhaile?

## Obair Bhaile 13

| | | | |
|---|---|---|---|
| micreashorn | meacan dearg | mil | meascthóir |
| méarchlár | marcaíocht | mopa | milseog |

Cuir na focail seo in ord aibítreach, amharc ar an dara nó an tríú litir más gá.

- marcaíocht
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- mopa

a b c d e f g h i

j k l m n o p q r


s t u v w x y z

# Obair Bhaile 14

| | | | |
|---|---|---|---|
| mhicreashorn | meacan dearg | mil | mheascthóir |
| mhéarchlár | marcaíocht | mopa | mhilseog |

Líon na bearnaí leis na focail agus na frásaí atá sa bhosca.

1. Is maith le mo choinín ___________ ______________a ithe.
2. Bím ag _______________ ar mo chapall.
3. Tá litreacha agus uimhreacha ar _______________.
4. Déanaim creathán bainne sa _______________.
5. Ólann mo mhaimeo _______________ in uisce te.
6. Is maith liom píotsa déanta sa _______________.
7. Is breá liom uachtar reoite mar _______________.
8. Ghlan mé an bainne a dhoirt mé le _______________.




## Obair Bhaile 15

| | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|
| mór | - | níos mó | mall | - | níos moille |
| maith | - | níos fearr | mín | - | níos mín |
| milis | - | níos milse | míshásta | - | níos míshásta |


Comhlánaigh na habairtí seo leis an chéim chomparáide ceart.

1. Tá Newcastle **maith** ach tá Spurs níos _________________.
2. Tá eilifint **mór** ach tá míol mór níos _________________.
3. Bhí an gasúr **mall** ach bhí an cailín níos_________________.
4. Bhí an múinteoir **míshásta** ach bhí na daltaí níos _________________.
5. Tá an tábla **mín** ach tá an fhuinneog níos _________________.
6. Tá milseáin **milis** ach tá an mhilseog níos _________________.



# Obair Bhaile 16

## Tá Mamaí Míshásta



Ní chreidfidh tú an rud millteanach a tharla dom inniu, beidh mé i dtrioblóid mhór nuair a thagann mamaí ar ais. Bhí mé ar an leibhéal deireanach de mo chluiche ríomhaire is fearr, Aois na nImpirí, nuair a tharla tubaiste mór.

Bhí am dinnéir ann agus, ar ndóigh, níl ligeann mamaí dúinn ithe ag an ríomhaire. Scairt mo mhamaí orm cúpla uair agus, sa deireadh, chuaigh mé síos staighre. Bhí mo dhinnéar fuar faoin am seo agus bhí orm é a théamh suas sa mhicreashorn. D'ith mé go gasta, mar bhí mé ag iarraidh dul ar ais chuig mo chluiche, ach d'ith mé na meacain dhearga go fadálach, ní maith liom iad.

"Cad é tá ann don mhilseog," arsa mise nuair a bhí mé críochnaithe.

"Uachtar reoite agus mil," arsa mamaí.

"An dtig liom mo chuid a mheascadh sa mheascthóir?" a dúirt mé, mar is breá liom creathán bainne.

"Maith go leor, ach beidh ort féin sin a dhéanamh, caithfidh mé Nuala a thabhairt chuig na stáblaí da ceacht marcaíochta," a d'fhreagair mamaí.

Chuir mé an t-uachtar reoite agus an mhil isteach sa mheascthóir le bainne agus bhrúigh mé an cnaipe. Dhoirt mé an creathán bainne isteach sa ghloine agus rith mé suas staighre arís. Bhí mamaí imithe faoin am seo agus bhí mé ag iarraidh dul ar ais chuig me chluiche.

Agus seo an rud millteanach – thit mé ar bhróg a bhí ina luí ar an urlár i mo sheomra agus chuaigh an creathán bainne gach áit thar an urlár agus ar an mhéarchlár. Bhí sé achan áit. Rith mé síos staighre arís agus fuair mé an mopa. Ghlan mé é uilig suas ach, nuair a shuigh mé síos ag an ríomhaire arís bhí sé múchta, bhí an ríomhaire briste mar gheall ar an chreathán bainne! Beidh mamaí míshásta.

<u>Freagair na ceisteanna seo.</u>

1. Cad é an t-ainm atá ar an chluiche ríomhaire is fearr leis an údar?
2. Cad é an chuid den dinnéar s'aige nach maith leis?
3. Cad é a bhí ann don mhilseog?
4. Cad chuige ar thit sé?
5. Cad é d'úsáid sé le glanadh suas?

# Obair Bhaile 17

| | | | |
|---|---|---|---|
| oibrí | ocras | ostrais | oigheann |
| nuachtán | nóinín | nigh | ollphéist |

<u>Cuir na focail seo in ord aibítreach.</u>

- nigh
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- ___________
- ostrais

a b c d e f g h i

j k l m n o p q r


s t u v w x y z

# Obair Bhaile 18

| | | | |
|---|---|---|---|
| oibrí | ocras | ostrais | oigheann |
| nuachtán | nóiníní | nigh | ollphéist |

Líon na bearnaí leis na focail agus na frásaí atá sa bhosca.

1. Bhí an t-______________ ag obair go crua an lá ar fad.
2. Bhí ______________ an domhain orm ag am lóin.
3. Is maith le daidí an ______________ a léamh.
4. Rinne an cailín slabhra le ______________.
5. ______________ do lámha sula ndéanann tú bia.
6. Níl cead ag páistí an t-______________ a úsáid.
7. Sílim go bhfuil ______________ faoin leaba.
8. Thig leis an ______________ rith go gasta.




# Obair Bhaile 19

| Uimhir Uatha | Uimhir Iolra |
|---|---|
| nathair | nathracha |
| nead | neadacha |
| neantóg | neantóga |
| oinniún | oinniúin |
| ollphéist | ollphéisteanna |
| oráiste | oráistí |
| ordóg | ordóga |


<u>Scríobh na habairtí seo amach agus scríobh an focal i gcló trom san uimhir iolra.</u>

1. Bhuail mé m'**ordóg** le casúr, rud a bhí iontach nimhneach.
2. D'ith mé **oráiste** mar bhí tart an domhain orm.
3. Sílim go bhfuil **ollphéist** faoi mo leaba.
4. Bhí na héin óga ina gcónaí i **nead**.
5. Chonaic mé **nathair** sa zú.
6. Tá **ochtapas** ina chónaí faoin fharraige.
7. Tá **neantóg** ag fás i mo ghairdín.
8. Ghearr mamaí **oinniún** agus thosaigh sí ag caoineadh.



# Obair Bhaile 20

## **Mo Dhaidí**



Is oibrí é mo dhaidí.  Bíonn sé ag tógáil tithe nó ballaí agus in amanna bíonn sé ag obair ar na bóithre.  Is maith leis an obair sin ach bíonn tuirse air nuair a thagann sé abhaile ag deireadh an lae.

Tháinig sé abhaile ón obair inné agus shuigh sé síos leis an nuachtán s'aige a léamh.

"Nigh do lámha ar dtús," arsa mamaí, "tá an dinnéar san oigheann."

D'éirigh daidí arís agus chuaigh sé chuig an seomra folctha.  Nigh sé a lámh agus tháinig sé anuas arís.

"Cá bhfuil mo nuachtán?" ar seisean.

"Seo duit do nuachtán, a dhaidí," arsa mise, "agus rinne mé an slabhra nóiníní seo duit fosta."

"Tá sé galánta," arsa daidí agus chuir sé an slabhra thart ar an mhuineál s'aige.

"Tá an dinnéar réidh," arsa mamaí.

"Go hiontach," arsa daidí,  "Tá ocras an domhain orm.  Tá mé chomh hocrach sin go dtiocfadh liom ostrais a ithe!"

D'ith muid an dinnéar agus, níos moille an oíche sin, léigh daidí scéal dom nuair a chuaigh mé a luí.

"Oíche mhaith a thaisce," arsa daidí.

Bhí giota beag eagla orm ach d'amharc daidí faoin leaba le fáil amach an raibh ollphéist ann.

"Ná bí buartha," ar seisean, "níl ollphéist ar bith ann."

<u>Freagair na ceisteanna seo.</u>

1. Cad é an jab atá ag daidí?
2. Cad é an chéad rud a rinne daidí nuair a tháinig sé abhaile ón obair?
3. Cad é an dara rud a rinne sé?
4. Cad é a rinne an cailín do dhaidí ón ghairdín?
5. Cad chuige a raibh eagla ar an chailín ag deireadh na hoíche?

# Léitheoireacht / Reading

| Lá / Dáta<br>Day / Date | Leabhar<br>Book | Leathanaigh<br>Pages | Inisileacha<br>Initials |
|---|---|---|---|
| An Luan | | | |
| An Mháirt | | | |
| An Chéadaoin | | | |
| An Déardaoin | | | |
| | | | |
| An Luan | | | |
| An Mháirt | | | |
| An Chéadaoin | | | |
| An Déardaoin | | | |
| | | | |
| An Luan | | | |
| An Mháirt | | | |
| An Chéadaoin | | | |
| An Déardaoin | | | |
| | | | |
| An Luan | | | |
| An Mháirt | | | |
| An Chéadaoin | | | |
| An Déardaoin | | | |
| | | | |
| An Luan | | | |
| An Mháirt | | | |
| An Chéadaoin | | | |
| An Déardaoin | | | |
| | | | |
| An Luan | | | |
| An Mháirt | | | |
| An Chéadaoin | | | |
| An Déardaoin | | | |

An Luan/Monday
An Mháirt/Tuesday
An Chéadaoin/Wednesday
An Déardaoin / Thursday